*Uimhir* 17 *de* 2003

# An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 17 *de* 2003

**AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 2003**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 13A a chur isteach.
3. Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 237A a chur isteach.
4. Leasuithe iarmhartacha agus leasuithe eile ar an bPríomh-Acht.
5. Leasú ar alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.
6. Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995.
7. Aisghairm.
8. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

AN SCEIDEAL

Leasuithe ar an bPríomh-Acht

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001 | 2001, Uimh. 38 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2003 | |
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 | 2000, Uimh. 30 |
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2002 | 2002, Uimh. 32 |

*Uimhir* 17 *de* 2003

# AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001, DO DHÉANAMH (DE DHROIM AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ), 2002 A RITH) LEASÚ AR ALT 97 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 *Meitheamh*, 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú.

**1.—** San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.

Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 13A a chur isteach.

**2.—**(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 13:

"Dícháiliú a chur i bhfeidhm maidir le comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann.

13A.—(1) Aon duine is comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas tá sé nó sí dícháilithe chun bheith tofa nó comhthofa chun údaráis áitiúil, nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

(2) Maidir le toghcháin áitiúla a dhéanfar sa bhliain 2004 agus dá éis sin, léifear alt 13(1) amhail is dá gcuirfí an méid seo a leanas in ionad mhír (*e*):

'(*e*) gur comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann é nó í, nó'.".

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh agus beidh feidhm aige maidir leis na toghcháin áitiúla a dhéanfar sa bhliain 2004 agus dá éis sin.

Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 237A a chur isteach.

**3.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 237:

"Rialacháin a bhaineann le comhaltaí de Thithe an Oireachtais.

237A.—(1) San alt seo, ciallaíonn 'déileáil' i ndáil le comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas déileáil le comhalta den sórt sin ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin.

(2) Is de réir rialachán faoi fho-alt (3) a sheolfaidh údaráis áitiúla a gcuid déileálacha le comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas.

(3) Déanfaidh an tAire rialacháin chun críocha fho-alt (2) agus sna rialacháin sin beidh forálacha i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) fógra, clár oibre agus miontuairiscí cruinnithe údarás áitiúil a sholáthar, in aisce, do chomhaltaí de cheachtar Teach acu sin,

(*b*) údaráis áitiúla do sholáthar doiciméadacht shonraithe eile nó faisnéis shonraithe eile,

(*c*) údaráis áitiúla do dhéanamh comhfhreagrais leis na comhaltaí sin,

(*d*) socruithe chun rochtain ag na comhaltaí sin ar fhaisnéis agus cumarsáid i gcoitinne ag údaráis áitiúla leis na comhaltaí sin a éascú, agus

(*e*) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is cuí chun críocha fho-alt (2).

(4) Ní mhaolóidh aon ní san alt seo—

(*a*) alt 4,

(*b*) feidhmeanna údaráis áitiúil mar a shonraítear iad in alt 63(1)(*a*), nó

(*c*) ról comhaltaí údarás áitiúil mar ionadaithe poiblí arna dtoghadh go háitiúil.".

Leasuithe iarmhartacha agus leasuithe eile ar an bPríomh-Acht.

**4.—**Déantar gach alt den Phríomh-Acht a luaitear i *gcolún 1* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a leasú a mhéid a shonraítear i *gcolún 2* den *Sceideal* sin os coinne an lua sin.

Leasú ar alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

**5.—**Leasaítear alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i gclásal (II) d'fho-alt (12)(*b*)(ii) trí "0.1 heicteár" a chur in ionad "0.2 heicteár".

Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995.

**6.—**Leasaítear na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995)—

(*a*) i mír (*aa*) d'airteagal 51(2) (a cuireadh isteach le halt 54(*b*)(ii) den Acht Toghcháin (Leasú), 2001), trí "Cheathrú" a scriosadh,

(*b*) in airteagal 80(1) sa mhíniú ar "cinneadh trí chrannadh", trí "measfar na hiarrthóirí, i gcás toghadh, a bheith tofa san ord ina dtarraingeofar a n-ainmneacha" a scriosadh,

(*c*) trí airteagal 88 (arna ionadú le halt 54(*k*) den Acht Toghcháin (Leasú), 2001) a scriosadh,

(*d*) trí "Faoi réir airteagal 125, más rud é" a chur in ionad "Más rud é" in airteagal 124(1),

(*e*) tríd an airteagal seo a leanas a chur in ionad airteagal 125:

"Duine a thoghfar do níos mó ná údarás áitiúil amháin.

125.—(1) Más rud é, i dtoghchán, go dtoghfar duine mar chomhalta do dhá údarás áitiúla nó níos mó agus go mbeadh alt 14 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 infheidhme maidir leis an duine sin, ansin, déanfaidh an duine, laistigh den tréimhse trí lá tar éis an freagra a thabhairt i dtaobh na ndaoine a toghadh le bheith ina gcomhaltaí de na húdaráis áitiúla sin, a dhearbhú, trí fhógra i scríbhinn a bheidh sínithe ag an duine agus seachadta ar chléireach nó ar rúnaí gach ceann de na húdaráis áitiúla sin, cé acu de na húdaráis sin is rogha leis an duine a ionadú, agus, mura seachadfar an dearbhú sin laistigh den tréimhse sin, measfar, i ndeireadh na tréimhse sin, gurb é údarás áitiúil an toghlimistéir áitiúil arb ina leith a fuair an duine an líon is mó vótaí príomhrogha is rogha leis an duine a ionadú.

(2) I gcásanna ina dtoghfar an duine agus líon comhionann vótaí príomhrogha aige nó aici in dhá thoghlimistéar áitiúla nó níos mó, i dtoghcháin in dhá údarás áitiúla nó níos mó, tabharfar aird ar líon iomlán na vótaí a creidiúnaíodh don chomhalta tofa sa chéad chomhaireamh sna toghcháin sin ina raibh líon neamhionann vótaí ag an gcomhalta agus measfar an t-údarás áitiúil ag a mbeidh an líon is airde vótaí sa chomhaireamh sin ag an gcomhalta a bheith roghnaithe. I gcás inarbh ionann líon na vótaí a creidiúnaíodh don chomhalta i ngach comhaireamh sna toghcháin, cinnfidh ceann comhairimh an údaráis áitiúil ina mbeidh gnáthchónaí ar an gcomhalta nó an ceann comhairimh a bheidh ainmnithe ag an Aire, trí chrannadh, cé acu de na húdaráis áitiúla a mheasfar a roghnaigh an comhalta tofa, is é sin le rá—

(*a*) trí ainmneacha na n-údarás áitiúil lena mbaineann a scríobh ar stiallacha cosúla páipéir,

(*b*) trí na stiallacha sin a fhilleadh chun nach bhféadfaí iad a aithint thar a chéile, agus

(*c*) trí na stiallacha sin a mheascadh agus a tharraingt ar corr,

agus is é an t-údarás áitiúil arb é a ainm is túisce a tharraingeofar an t-údarás áitiúil a mheasfar a bheith roghnaithe.

(3) Más rud é, de bhun an airteagail seo, go roghnóidh duine nó go measfar gur roghnaigh sé nó sí údarás áitiúil áirithe a ionadú, measfar nár toghadh an duine d'aon údarás áitiúil eile

agus maidir leis an bhfolúntas iarmhartach nó leis na folúntais iarmhartacha i gcomhaltas an údaráis áitiúil eile, measfar gur corrfholúntais iad a tharlóidh ar an lá a thiocfaidh na comhaltaí nuathofa in oifig faoi alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus líonfar dá réir sin iad.

(4) Más rud é, faoin airteagal seo, go roghnóidh comhalta nó go measfar gur roghnaigh sé nó sí údarás áitiúil le hionadú agus gur toghadh an comhalta sin do níos mó ná toghlimistéar áitiúil amháin don údarás sin, beidh feidhm ag airteagal l24 maidir leis an limistéar a ionadóidh an comhalta.”.

Aisghairm.

**7.**—Aisghairtear na forálacha seo a leanas den Phríomh-Acht:

(*a*) alt 25(1)(*b*) agus (*d*) agus alt 35,

(*b*) Caibidil 3 de Chuid 5 (ailt 39 go 43),

(*c*) alt 217(1)(*c*), agus

(*d*) Sceideal 9.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**8.**—(1) Féadfar an tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003 a ghairm den Acht seo.

(2) Léifear na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2003 agus an tAcht seo le chéile mar aon ní amháin agus folófar an tAcht seo sa chomhlua “na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2003”.

## AN SCEIDEAL

*Alt 4.*

LEASUITHE AR AN bPRÍOMH-ACHT

| 1 | 2 |
|---|---|
| An fhoráil dá ndéantar difear | An leasú |
| Alt 1(5) | "de Chaibidil 3 de Chuid 5," a scriosadh. |
| Alt 2(1) | An míniú ar "dírthoghchán" a scriosadh. |
| Alt 7 | "agus seachas alt 161 a ndéantar foráil maidir lena theacht i ngníomh san alt sin" a chur in ionad "agus seachas alt 161 agus Caibidil 3 de Chuid 5, a ndéantar foráil maidir lena dteacht i ngníomh san alt sin agus sa Chaibidil sin, faoi seach". |
| Alt 12 | "ailt 13 agus 13A" a chur in ionad "alt 13". |
| Alt 16(1) | "ailt 13, 13A" a chur in ionad "alt 13". |
| Alt 19(1) | An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c)— "(c) sna himthosca sin atá leagtha amach in airteagail 25, 28, 124 agus 125 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995),". |
| Alt 21(1) | "agus gan dochar d'alt 40(7)" a scriosadh. |
| Alt 25(1) | An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c) — "nó". |
| Alt 31 | (a) Fo-alt (10) a scriosadh.<br>(b) I bhfo-alt (11), "na Coda seo" a chur in ionad "Chaibidil 2 nó Chaibidil 3 den Chuid seo". |
| Alt 36(1) | An mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c)—<br>"(d) Ar thosach feidhme alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003, scoirfidh mír (*c*) d'fheidhm a bheith aici agus d'éifeacht a bheith léi.". |
| Alt 48 | An fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6)—<br>"(7) Ar thosach feidhme alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003, scoirfidh fo-ailt (4) agus (5) d'fheidhm a bheith acu.". |
| Alt 129(4) | (a) I mír (*a*), "Ceapfaidh Bord cathaoirleach an Bhoird" a chur in ionad "Faoi réir mhír (*b*), ceapfaidh Bord cathaoirleach an Bhoird"<br>(b) Mír (*b*) a scriosadh. |
| Alt 129(9) | An mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*)—<br>"(*aa*) maidir le seilbh oifige cathaoirligh a cheapfar faoi fho-alt (4) ;". |

| | |
|---|---|
| Alt 167 | An fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)—<br><br>"(1A) I dteannta na bhfostaithe sin lena mbaineann an Chuid seo de bhua fho-alt (1), beidh feidhm freisin ag ailt 168, 169 agus 170 maidir le gach fostaí eile de chuid údaráis áitiúil agus léifear na hailt sin dá réir sin.". |
| Alt 243 | "I dteannta na leasuithe dá bhforáiltear le halt 42 (a bhaineann le dírthoghcháin)," a scriosadh. |
| Sceideal 10 | I mír 4(1), na focail go léir i ndiaidh "údarás áitiúil" a scriosadh;<br>I mír 4(2), na focail go léir i ndiaidh "ailt 36 agus 37" a scriosadh;<br>I mír 4(6)(a)(i), "más cuí" a scriosadh;<br>I mír 10(2) "nó 41(2) " a scriosadh. |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. 109403. 42. 6/23. MM Packaging. (95081). Gr.30-15.

9 781399 305112